# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Laidin

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**An Ardteistiméireacht. Laidin – Ardleibhéal 2019---Scéim Mharcála**

**1.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B sa cheist seo:- **[75]**

*Cuirfear scéim mharcála dhearfach i bhfeidhm. Bronnfar marcanna ar iarrthóirí i ndáil le gach focal a aistreofar go cruinn. Leithroinnfear idir leathmharc (1/2) agus trí mharc (3).*

**A.** Cuir Laidin air seo:-

½ ½ 2 ½ ½ ½ ½ 1
Chomh luath agus a maraíodh Caesar, isteach le Brútas, Cassius agus an chuid eile den lucht comhcheilge
2 ½ 1 ½ 2 1 ½ 2 ½ ½ 2
san fhóram de sciuird agus d'iarr siad ar na daoine teacht leo. D'fhógair Brútas
½ 2 1 1 ½ 2 2 1
gur namhaid ag an bpoblacht é Caesar mar gur theastaigh uaidh rí a dhéanamh
1 ½ 1 2 ½ 2 ½ 2 ½
de féin. Ar dtús bhí eagla ar na daoine agus ní raibh a fhios acu céard ba chóir dóibh a cheapadh. D'inis Antaine dóibh,
½ 2 ½ ½ 2 ½ 1 1 1
áfach, go ndearna Caesar a ghairdíní áille a fhágáil le huacht ag na daoine
½ 1 1 ½ 1 ½ 2 ½ 1 2 ½
agus trí chéad sesterce ag gach saoránach. Nuair a chuala siad é sin, bhí an oiread sin
½ ½ 1 3 2 1 ½ 1
feirge ar na saoránaigh gurbh éigean don lucht comhcheilge teitheadh ón Róimh. An bhliain dár gcionn
1 2 1 ½ 1 2
troideadh cath in Filipe agus fuarthas an lámh in uachtar ar an lucht comhcheilge.

**Nó**

**B.**

- **(i)** Cás/eachtra/imeacht uafásach **(3)**
- **(ii)** Superbus **(2)** saevus **(2)**
- **(iii)** Go raibh a athair féin ina sclábhaí **(4)**
- **(iv)** Tháinig na searbhóntaí timpeall air go tobann **(4)**
- **(v)** D'ionsaigh duine a scornach **(3)** bhuail duine eile a aghaidh **(3)** agus bhrúigh duine eile a chliabhrach/bholg **(2)**
- **(vi)** Chaith siad ar an gcosán te é **(4)** le feiceáil an raibh sé beo **(4)**
- **(vii)** Mar nár mhothaigh sé an teas **(4)** nó lig sé air féin nár mhothaigh sé é **(4)**
- **(viii)** Na searbhóntaí dílse **(4)** na mná **(4)**
- **(ix)** Glórtha na ndaoine timpeall air **(4)** fuacht na háite **(4)**
- **(x)** D'éalaigh siad **(3)** gabhadh go leor díobh **(3)** tá na daoine eile á lorg **(3)**
- **(xi)** Cúpla lá **(2)**
- **(xii)** An dainséar mór a bhfuilimid ann **(3)** ní féidir le máistir ar bith mothú sábháilte **(3)** mar gheall go bhfuil sé séimh agus cineálta **(3)**

**C2. A (130) Cuir Gaeilge ar dhá shliocht ar bith:**

(i) nunc…..ducit 6/Sidoniasque…..paratam7/ incipit…..resistit 6/ nunc…..quaerit 7/ Iliacos…..exposcit 8/ pendetque…..ore 5 / post…..premit 9/ suadent…..somnos 4/ sola…..incubat 8/ illum…..videtque 5

(ii) O…..Antium8/ praesens…..corpus 12/ vel…..triumphos 12/te…..colonus 12/ te…..aequoris 5/ quicunque…..carina 16/

**B.**

(i) Romae…..factus 10/ matronae…..percontantur 10/ et…..vocaret 8/tandem…..sumus 10/ et….referunt 10 / consulem…….esse 5/ superesse…..hoste 6/ quot…..erant 6/.

(ii) Duae…..dignitatis 8/una…..boni 3/ab…..repelluntur 7/ceterae…..temperantia 8/ sed…..disputo 8/ omnia…coepit 9/ etenim…..poeta 4/ proeliis….sapientia 12/ vi…..amatur 6/.

**C3 A. (i) (60) Aistrigh**

Atque…..requiruntur 10/ difficile…..cogitet 10/ deinde…..arbitratur 10/ difficile…..iniurias 12/ quod…..fuisse 12/ urbes……inferatur 6/.

**(ii)(30) Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna**

(a) 4+3+3
(b) 5 + 5
(c) 2 (bhí/ní raibh) 4 +4
(d) (3+2) + (3+2)
(e) 5 +5

<u>**Nótaí Táscacha**—D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo</u>

**3A.**

**(a)** **Miotradáit:** Dhá phointe ar ghairm Mhiotradáit agus ceann ar a nasc leis na Rómhánaigh – rí Pontus; throid sé in aghaidh Sulla, Lucullus agus Poimpéas; theastaigh uaidh a bheith mar stát ceannasach i réigiún na Mara Duibhe; chloígh sé Nicomedes, rud a chuir fearg ar na Rómhánaigh; cogaí Miotradáitíocha; an bealach a ndearnadh an fiach le breith air agus é a mharú.

**(b)** **Crógacht mhíleata Phoimpéas:** throid sé go rathúil i gcogadh cathartha Sulla; thóg sé an tSicil ar ais ó thacadóirí Mhairias; bhrúigh sé éirí amach Lepidus agus Seartóirias; mharaigh sé roinnt de na sclábhaithe a rith a bhí mar chuid den arm a threoraigh Spartacus.

**(c)** **Buíochas Phoimpéas le Cicearó:** dhá shampla ar bith – an bealach ar leag sé amach gairm Phoimpéas; gur tugadh trí Bhua do Phoimpéas; scientia militaris Phoimpéas a dúirt sé a bhí bunaithe i dtaithí iarbhír.

**(d)** **Sulla:** Ginearál agus státaire Rómhánach; bhí sé ina chonsal faoi dhó; ginearál an-sciliúil; ceapadh ina dheachtóir é; namhaid géar Mhairias. **Mairias:** toghadh ina chonsal é seacht n-uaire; chloígh sé treibheanna Gearmánacha a bhí ag bagairt na Róimhe; throid sé cogadh

cathartha in aghaidh Sulla; bhí sé pósta le Julia, aintín le hIúil Caesar; d'athchóirigh sé arm na Róimhe. **Tigranes:** rí na hAirméine agus comhghuaillí de chuid Pontus; phós sé iníon Mhiotradáit; dhiúltaigh sé Miotradáit a dhíbirt ón Airméin nuair a d'ordaigh Lucullus dó sin a dhéanamh.

**(e)** **Hortentius**–níor cheart an chumhacht ar fad in aghaidh Mhiotradáit a chur i lámha fir amháin; **Catullus**–dá gcuirfí an chumhacht ar fad i lámha fir amháin, céard a dhéanfadh an seanad dá dtarlódh rud éigin dó?

**3B. (i) (60) Aistrigh**

namque….. templo 4/ reginam…..urbi 4/ artificum…..miratur 5/ videt…..orbem 7/ Atridas…..Achillem 4 / constitit…..laboris 8/ en…..laudi 4/ sunt …..tangunt 4/ solve…..salutem 4/ sic….vultum 8/ namque…..iuventus 8/. .

**(ii)(30)Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna**

(a) 5+ 5
(b) 2 (Cén duine?) +4+4
(c) 2 (Cérbh?) +4+4
(d) 5 + 5
(e) ( 3+2) + (3+2)

<u>**Nótaí Táscacha**—D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo</u>

**(a)** D'fhreagair Aeinéas mar gheall gur chuir na radhairc a chonaic sé an bhaint a bhí aige i gCogadh na Traí agus an méid a d'fhulaing na Traígh agus a rí féin, Priam, san áireamh i gcuimhne dó. D'fhéadfaí breathnú ar an taispeáint mothúcháin seo mar chomhartha laige nach bhfuil oiriúnach do laoch **nó** d'fhéadfaí an argóint a dhéanamh go raibh sé ina eiseamláir an-mhaith dá leantóirí mar gheall go raibh sé in ann a mhothúcháin a chur in iúl chomh hoscailte sin.

**(b)** Tagraíonn **Reginam** do Dhíodó. Aon phointí maidir leis an gcaidreamh idir Aeinéas agus Díodó–an bealach ar ghlac sí leis mar dhídeanaí chuig an gCartaig; a dtitim i ngrá; nuair a chinn Aeinéas í a fhágáil; freagairt Dhíodó lena tréigean.

**(c)** **Mic Aitréas–Agaiméamnón agus Meinealás;** Ba é Agaiméamnón rí Mycenae; bhí sé i gceannas ar fhórsaí na Gréige i gCogadh na Traí. Ba é Meinealás fear Héilin Traí; threoraigh sé na Spartaigh in arm na Traí; thug sé dúshlán do Pháras le troid chun Héilin a thabhairt ar ais dó; bhuail sé Páras go héasca.

**(d)** **Déithe:** Iúnó ag fáil díoltais ar a namhaid ghéara, na Traígh, trí Aeólas a spreagadh le stoirm a scaoileadh amach a scriosann loingeas na Traígh--léiríonn sí ról scriosach, díoltasach; tagann Neiptiún isteach agus ciúnaíonn sé na farraigí–taispeánann sé cumhacht na ndéithe; caidreamh idir Iúpatar agus a iníon, Véineas–an chaoi a gcuireann sé ar a suaimhneas í maidir le cinniúint na Traígh is ansa léi.

**(e)** **Priam:** rí na Traí le linn Chogadh na Traí; fear céile Hecuba; bhí leathchéad mac agus leathchéad iníon aige; mharaigh Piorras é, mac le hAichill. **Sychaeus:** fear an-saibhir i dTuír; pósta le Díodó; mharaigh Pygmalian, deartháir le Díodó é; athaontaíodh le Díodó é sa Domhan Thíos. **Achates:** cara dílis agus leantóir Aeinéas; bhí sé ag iompar airm na dTraíoch. **Aeólas:** rí na ngaoth san Odaisé agus san Aeinéas; creideadh gur chónaigh sé ar cheann de na hoileáin bholcánacha amach ó chósta thuaidh na Sicile.

**C4**. (i) 4+3+3. (10)

(ii) (2+1+1) suas go 10 ar a mhéad. (2+2 do morior) (10)

(iii) Meadaracht 2 mharc. -2 le haghaidh siollaí ar bith atá mícheart (10)

**C5. (75) Freagair trí cheist – ceist amháin ar a laghad as gach roinn**

**A**.

(i) Trí phointe (7+6+6); Teip—pointe maith amháin -6.

(ii) Plé ar Néaró (7+6+6). Tréith dhearfach (6)

(iii) (7+6) + (6+6)

**B**.

(i) Saol 4+3+3. Saothar 4+3+3. Tionchar an chúlra pholaitiúil ar scríbhinní – pointe maith amháin – 5

(ii) 9 +8 +8 – ní mór go ndéanfadh pointe amháin ar a laghad tagairt do thionchar Gréagach.

(iii)

(a) Tábhacht a bhain le bóithre 4+3; an chaoi ar sháraigh siad constaicí fisiciúla 3+3

(b) Múrealaín – aontaíonn nó ní aontaíonn–úsáid iontach as dathanna fíneálta, gormacha agus glais, úire an fhéir agus na dtorthaí ar na crainn-3+3;
dhá théama eile–villa faoin tír; radhairc chatha 3+3

(c) 4+4+4—tagairt amháin ar a laghad d'Fhótagraf C; dignitas; gravitas; réalachas; méid na sróine, etc.

**Nótaí Táscacha**—*D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo*

**5A.**

(i) **Ágastas—** trí phointe mhionsonraithe ar aon ghnéithe rathúla dá réimeas----cur síos ar na cumhachtaí a fuarthas sa Chéad agus/nó sa Dara Lonnaíocht; síocháin a thabhairt ar ais; an chaoi ar roinn Ágastas na proibhinsí; an chaoi ar mheall sé an seanad agus na daoine; an chaoi ar chaomhnaigh sé na seantraidisiúin agus seanchreidimh; clár tógála; athchóirithe sóisialta. **Teipeadh Ágastas:** féadfaidh

iarrthóirí aontú nó easaontú–áirítear le teipeanna féideartha–nár shlánaigh sé duine a cheap sé a bheadh oiriúnach a thiocfadh i gcomharbacht air; bhuail Varius é agus chaill sé an Ghearmáin tras-Réine.
(ii)**Néaró---**féadfaidh iarrthóirí aontú nó easaontú leis an ráiteas seo–má easaontaíonn siad–déan tagairt do ghnéithe eile dá réimeas cosúil le róil Seinice agus Burras; quinquennium a réimis nuair a bainistíodh gnóthaí an stáit go maith; mharaigh sé Agrippina a mháthair agus Octáivia; tine mhór sa Róimh agus an chaoi ar chaith sé le Críostaithe; a anchaitheamh; comhcheilg Piso; má aontaíonn siad–déan tagairt do ghrá Néaró do na healaíona go ginearálta; chonacthas sa phobal é mar charbadóir agus mar cheoltóir; d'eagraigh sé grúpa ridirí a raibh sé mar thasc acu canadh agus seinm an impire a mholadh; chonacthas é mar aisteoir ar stáitse in Napoli; bhí bulaithe ag a sheónna a bhuail baill den lucht féachana nár thug bualadh bos sách maith.
(iii) **Gearmánacas**–aon dá phointe mhaithe mhionsonraithe–Ba mhac le Drúsas, deartháir le Tibir é Gearmánacas; chuir Tibir ar mhisean chuig an Airméin é agus tugadh teideal maius imperium dó, rud a chiallaigh go raibh sé níos airde ná gobharnóirí na gcúigí oirthir; sheol Tibir Piso chun súil a choinneáil ar Gearmánacas mar nach raibh muinín aige as a chumas; sonraí ar bith ó mhisean Ghearmánacas chuig an oirthear; constaic idir Piso agus Gearmánacas san oirthear; bás Ghearmánacas agus amhras gur thug Piso nimh dó. **Livia**–mar mháthair Thibir agus Dhrúsas thug sé comharbaí féideartha d'Ágastas; chuir Livia leasa a mic Tibir chun cinn gan náire agus ar deireadh d'éirigh leis an impireacht a fháil; dhiúltaigh Livia Gearmánacas a chaoineadh d'ainneoin gur tugadh le fios go raibh páirt ag Tibir ina bhás; léirigh sí goimh mhór phearsanta i leith Agrippina, máthair Néaró; laghdaigh Tibir a tionchar polaitiúil go mór ina blianta deiridh–chuir sé cosc iomlán uirthi ó gach gné den rialtas. **Nerva**–aon dá phointe mhionsonraithe mar ainmniúchán Nerva ag an seanad; a scéim cháiliúil alimenta; a iarrachtaí chun idir-réiteach a fháil idir gach páirtí sa Róimh; a ghlacadh le Tráian mar chomharba.

**5B.**

**(i)Livias--saol–** Iodálach, ní Rómhánach; as Padua; rugadh in 59 R.Ch. é agus bhásaigh sé in 17 AD; bhí an Laidin aige mar theanga dhúchais; tuairiscítear go raibh mac amháin agus iníon amháin aige; bhí sé faoi phátrúnacht Mhaecéanas. **Saothair**– De Re Publica—céad daichead is a dó leabhar nár mhair ach tríocha is a cúig díobh; a chur chuige i leith na staire–scéalaíocht agus claonadh polaitiúil; an úsáid a bhain sé as óráidí etc. **Óivid–saol**–rugadh in 43 R.Ch. é; as Sulmo i lár na hIodáile; cur síos ar a iarrachtaí chun filíocht a scríobh; caidrimh ghrá; ball de na piardaí móra sa Róimh; deoraí agus bás. **Saothair**–Heroides; Epistolae ex Ponto, Tristia--cur síos gairid ag teastáil. **Tionchar an chúlra pholaitiúil ar an scríobh----**pointe maith amháin mar dheoraíocht Óivid mar gheall ar atmaisféar an lae agus an chaoi a raibh tionchar ar a Tristia agus Epistolae nó mian Livias chun a phátrún Ágastas a shásamh agus an chaoi go raibh tionchar mór aige seo ar a stair ar roinnt bealaí.....

(ii) **Teampaill Rómhánacha–**cur síos mionsonraithe ar thrí theampall le tagairt amháin ar a laghad do thionchar Gréagach ar an dearadh--e.g. Maison Caree a tógadh in 16BC; póirse dhomhain; colúin nasctha–pseudoperipteral; colúin Chorantacha –tionchar na Gréige; Teampall Bacchus in Baalbek; Paintéón

(iii) Féach pointí molta faoin scéim mharcála thuas.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán